C/2024/1118

25.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11360 — DCC / PROGAS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1118)

1. An 18 Eanáir 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DCC Germany Holding GmbH (an Ghearmáin), faoi rialú DCC plc ('DCC', Éire),

— PROGAS GmbH & Co. KG ('Progas', an Ghearmáin), faoi úinéireacht na cuideachta sealbhaíochta Familie Julius Thyssen Beteiligungsgesellschaft mbH (an Ghearmáin).

Gheobhaidh DCC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Progas ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta DCC atá gníomhach i ndíol, margaíocht agus dáileadh ola agus gáis peitriliam leachtaithe ('GPL'). Sa Ghearmáin, tá DCC gníomhach i ndáileadh GPL trína fhochuideachta TEGA - Technische Gase und Gasetechnik GmbH,

— Is cuideachta Progas atá gníomhach i mórdhíol agus miondíol GPL.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11360 — DCC / PROGAS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').